An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service

Plean Gnó Straitéiseach Corparáideach 2023

Plean Gnó Straitéiseach Corparáideach 2023

Clár na nÁbhar

Leathanach 2: Dúshláin, Rioscaí agus Deiseanna
Leathanach 3: Tionchair agus Athruithe Straitéiseacha

Ár n-aidhm

Buíon daoine a bhfuil éagsúlacht ann a earcú don tseirbhís phoiblí, daoine a bhfuil an tallann, an phearsantacht agus an tiomantas acu a bheith ag soláthar ar son na hÉireann

Ár bhfís

Aitheantas a fháil mar ionad bairr feabhais na hearcaíochta, a bhfuil muinín ag na daoine ar a bhfreastalaímid asainn

Is í seo bliain dheireanach na straitéise corparáidí NUA23. Tá gealltanais i ráiteas straitéise NUA23 maidir le torthaí a dhéanann cur síos ar na nithe a chuirfidh in iúl gur éirigh linn faoi mhí na Nollag, 2023, nuair a sholáthraímid ár spriocanna eagraíochta. San athbhreithniú straitéise leathshlí a rinneadh in 2022, aithníodh gealltanas na heagraíochta maidir le NUA a sholáthar ar bhealach soiléir. Léirigh an t-athbhreithniú go bhfuil an gealltanas a cuireadh in iúl in NUA an-láidir sa tSCP go fóill. Rinneadh dul chun cinn suntasach i dtaca leis na trí phríomhghné agus táthar ag súil leis go mbainfidh an eagraíocht na spriocanna straitéiseacha a amach, cé go raibh orainn dul i ngleic le tréimhse an-dúshlánach ó forbraíodh an straitéis.

Príomhdhúshláin, Rioscaí agus Deiseanna inár Réimse Oibríochta Comhthéacs Straitéiseach, 2023

Barr Feabhais san Earcaíocht a Sholáthar: Táthar ag súil leis go mbeidh an t-ardéileamh ar acmhainní a bhí le brath ónar gcliaint in 2022 le brath arís in 2023. De bharr an bhrú atá ar an margadh fostaíochta, is cosúil go mbeidh sé dúshlánach daoine cumasacha a fháil agus iarrthóirí a mhealladh agus a choinneáil. Chun freastal ar riachtanais ár gcliant, caithfimid freagairt sholúbtha a thabhairt agus réitigh sholúbtha earcaíochta a chur ar fáil chun freastal ar na riachtanais maidir le hacmhainní i seirbhís phoiblí a mbíonn uirthi dul i ngleic le himeachtaí nár tharla riamh cheana níos minice le blianta beaga anuas. Leanfaimid orainn ag iarraidh feabhas a chur ar ár bpróisis, glacfaimid le teicneolaíocht nua agus bainfimid leas as nuálaíocht chun ár spriocanna soláthair seirbhíse a bhaint amach agus chun ullmhúchán a dhéanamh don aistriú chuig ardán earcaíochta nua agus cuirfimid córas hibrideach soláthair seirbhíse i bhfeidhm don earcaíocht. Chun na spriocanna seirbhíse seo a bhaint amach, déanfar athbhreithniú iomlán ar ár gcórais earcaíochta, mhaoinithe agus ar ár gcórais i dtaca le hacmhainní a fháil.

Páirtí ar féidir Brath air: Tá sé riachtanach caidreamh maith agus éifeachtach oibre a chothú le Ranna Rialtais eile, le Comhlachtaí san Earnáil Phoiblí, le hÚdaráis Áitiúla agus le cliaint agus páirtithe leasmhara eile. Tá sé mar aidhm ag an tSCP feidhm chomhairleach atá bunaithe ar eolas agus ar fhianaise a chur ar fáil chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt bheartais phoiblí.

Cothromaíocht, Éagsúlacht agus Cuimsiú: Tá ról tábhachtach ag CE&C maidir le tallann a mhealladh agus a choinneáil; aithnítear go gcuireann ionaid oibre ionchuimsitheacha le nuálaíocht, le hardfheidhmíocht agus go mbaintear torthaí níos fearr amach iontu. Tuigeann an tSCP gur féidir linn cur le Státseirbhís agus Seirbhís Phoiblí ar léiriú iad ar na daoine a bhfreastalaímid orthu. Tá an tSCP tiomanta do chórais, pholasaithe agus phróisis a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go mbeidh buíon iarrthóirí againn ar léiriú í ar ár ndaonra ilchineálach.

Athchóiriú: Tugann an tSCP tacaíocht ghníomhach do sholáthar leanúnach chlár Athnuachana na Státseirbhíse agus chlár Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí. Tá tábhacht ar leith ag baint le lucht saothair a bhfuil éagsúlacht ann agus atá díograiseach a mhealladh agus a choinneáil maidir leis an gclár athchóirithe a sholáthar.

Smaointeoireacht atá bunaithe ar an dearadh Cuirfidh an tSCP prionsabail a bhaineann le smaointeoireacht atá bunaithe ar an dearadh i bhfeidhm i soláthar seirbhíse earcaíochta agus i soláthar tionscadal chun a chinntiú go bhfuil ár gcuid seirbhísí agus tairgí éifeachtach, inrochtana, agus níos simplí.

Rannpháirtíocht sa Mhargadh: Tá straitéis teagmhála chuimsitheach fíorthábhachtach maidir le haitheantas a fháil ón bpobal dár n-eagraíocht. Tá sé mar aidhm againn ár gcliaint a chur chun cinn mar earcaitheoir de rogha don Státseirbhís agus don tSeirbhís Phoiblí agus buíonta iarrthóirí ar ardchaighdeán ina bhfuil níos mó éagsúlachta a mhealladh.

Príomhdhúshláin, Rioscaí agus Deiseanna inár Réimse Oibríochta Comhthéacs Straitéiseach, 2023

Athchóiriú Digiteach agus Sochtheicniúil: Ní mór súil ghéar a choinneáil ar an dul chun cinn sa teicneolaíocht agus ar an eolas teicniúil atá ag daoine, eolas atá ag dul i bhfeabhas, trí dheiseanna a thapú le réitigh nuálacha teicneolaíochta a úsáid chomh maith le modhanna cumarsáide. De bharr go mbíonn athruithe ag teacht chun cinn i réimse na gcibearbhagairtí i gcónaí, tá sé tábhachtach leas a bhaint as cur chuige ina bhfuil an tslándáil chun tosaigh chun teicneolaíochtaí nua agus nuálacha a chur i bhfeidhm agus cloí le dea-chleachtas cibearshlándála i dtaca le gach rud a dhéanaimid mar chuid dár n-aistear athchóirithe dhigitigh. Ní mór don tSCP a thuiscint go gcruthaíonn fadhbanna i slabhraí soláthair domhanda dúshláin do thionscal na TF. Ní mór é seo a chur san áireamh agus muid ag iarraidh glacadh le teicneolaíochtaí a athróidh an chaoi a n-oibrímid.

Rialachas agus Rialú Eagraíochtaí: Cabhraíonn struchtúir, próisis agus córais éifeachtacha don rialachas agus don chomhlíonadh corparáideach le hobair leanúnach na heagraíochta, rud a chinntíonn comhlíonadh agus dea-chleachtas.

Cumas Eagraíochta: Forbrófar daoine, feidhmíocht agus cultúr ár n-eagraíochta go leanúnach. Má dhéanaimid forbairt ar ár gcumas a bheith solúbtha, acmhainneach, tiomanta, fiosrach agus sásta glacadh le hathruithe, beimid réidh le dul i ngleic le dúshláin a thiocfaidh chun cinn amach anseo.

Úsáid Níos Fearr A Bhaint As Sonraí agus Méadracht: Tá sé mar aidhm ag an tSCP feidhmíocht eagraíochta a fheabhsú, í á meas i dtéarmaí thaithí an chustaiméara agus na seirbhíse a sholáthraítear, trí anailísíocht sonraí a fhorbairt agus a úsáid d'fhaisnéis ghnó.

Comhthéacs Geopholaitiúil Tá an domhan ag éirí níos dothuartha agus caithfidh an stát dul i ngleic le géarchéimeanna éagsúla. Mar shampla: géarchéim fuinnimh, géarchéim imirce, géarchéim aeráide.

Tionchair agus Athruithe Straitéiseacha NUA 2023

Our Vision: Recognised as the centre of excellence in recruitment, trusted by those we serve.

Our Mission: Recruiting a diversity of people for the public service with the talent, character & commitment to deliver for Ireland

Developing our People Organisation & Culture	Delivering Recruitment Excellence	Trusted Partner
Preparing	Delivering	Influencing

Our Values

- Trust
- Excellence
- Leadership
- Inclusion
- Customer Focus
- Innovation

Our Organisational Projects

- Customer at the centre - Enhancing our processes and service design
- Market Positioning
- Equality, Diversity & Inclusion
- Organisation Design & Development
- Digital Transformation
- Transforming our work spaces
- Building our Recruitment and Advisory Service

Our Key Measures



Innovation → Design Thinking → Progressive Governance → Project & Change Management → Data Analysis

Torthaí Dearfacha

AG ULLMHÚ

Ár nDaoine, ár nEagraíocht agus ár gCultúr a Fhorbairt

Tá sé mar phríomhthosaíocht againn a chinntiú go dtugtar tacaíocht dár ndaoine chun ardfheidhmíocht a sholáthar, go gcabhraíonn ár gcultúr, ár struchtúir agus ár bpróisis linn a bheith freagrúil, acmhainneach agus solúbtha agus go bhfuil ár luachanna ag croílár gach gníomhaíochta agus gach cinnidh. Bíonn sé mar aidhm againn i gcónaí ár bpróisis agus ár seirbhísí a nuálú agus a fheabhsú trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht nua, bunaithe ar aiseolas ó gach ceann dár ngrúpaí custaiméirí agus ó chórais athbhreithnithe agus cháilíochta inmheánacha.

Inár bPlean Gnó 2023, tá gealltanais maidir leis na nithe seo a leanas a dhéanamh: -

- Leanúint leis an obair ar chur i bhfeidhm ár straitéise CÉ&C, agus béim a leagan ar thuiscint níos fearr a fháil ar phróifíl éagsúlachta an lucht saothair trí thionscadal i gcomhar leis an ITES, athbhreithniú a dhéanamh ar agus feabhas a chur ar ár bpróisis agus ar ár bpolasaithe trí Athbhreithniú Diagnóiseach dírithe ar CÉ&C agus leanfaimid orainn ag iarraidh tionchar a imirt ar bheartas poiblí, ar pháirtithe leasmhara agus ar chliaint maidir le ceisteanna CÉ&C a bhaineann lenár ról mar earcaitheoirí.
- Leanúint orainn le hathchóiriú ár réiteach earcaíochta; forbairt a dhéanamh ar an obair atá á déanamh chun ardán TF nua a sholáthar (Tionscadal NOVA), glaccadh le réitigh dhigiteacha nua agus cumas uathoibrith, agus feabhas a chur ar ár n-ardáin phoiblí.
- A chinntiú go bhfuil baill foirne ag obair i struchtúr gairmiúil, go bhfuil conairí gairme soiléire acu agus go bhfaigheann siad tacaíocht ó thiomantas don fhoghlaim agus don fhorbairt leanúnach.
- Timpeallacht oibríochta ghairmiúil a chur ar fáil chun a chinntiú go gcuireann ár soláthar seirbhíse le dea-cháil na SCP mar ionad bairr feabhais san earcaíocht agus sa roghnú.
- Oibriú i gcomhar le baill foirne chun an córas oibríochta hibrideach a chur i bhfeidhm agus a chothabháil i dtaca lenár bhfoirgneamh athchóirithe agus ár seomraí earcaíochta.
- Ár gClár 'Luachanna Ag Feidhmiú' a chur i bhfeidhm ionas go dtugann an lucht ceannaireachta dea-shampla maidir le luachanna eagraíochta agus ionas go léirítear luachanna ar fud na heagraíochta, go háirithe i dtaca le lucht saothair ina bhfuil a lán daoine nua ag tosú.
- Spriocanna athraithe aeráide agus inbhuanaitheachta a aithint agus a chomhtháthú, chun a chinntiú go gcuirtear ár seirbhísí ar fáil trí úsáid éifeachtach a bhaint as fuinneamh agus acmhainní agus chun a chinntiú nach bhfuil drochthionchar againn ar an timpeallacht trí úsáid as a bhaint as paipéar agus plaisteach.
- Cumas a fhorbairt inár bhfoirne, ár seirbhísí, ár bpróisis, agus ár dteicneolaíochtaí agus réitigh leanúnachais ghnó a chur in ord tosaíochta.
- A chinntiú go dtuigtear Freagracht as Faisnéis agus Príobháideachas D'Aon Ghnó mar phríomhthosaíochtaí tríd an eagraíocht agus an leas is fearr a bhaint as struchtúir agus próisis bhainistíochta taifead.
- Leanúint orainn ag cur béime ar shlándáil faisnéise, cur lenár gcumas dul i ngleic le cibirionsaithe.
- Ár gcumas cinnteoireachta a stiúrann sonraí a mhéadú agus ár ndualgais faoin Treoir nua maidir le Sonraí Oscailte a chomhlíonadh.
- Straitéis nua chorparáideach a sholáthar don tréimhse 2024-2026 ina leagtar amach spriocanna straitéiseacha agus aidhmeanna na SCP.

Torthaí Dearfacha

AG SOLÁTHAR

Barr feabhais san Earcaíocht a Sholáthar

Tá sé mar phríomhthosaíocht straitéiseach againn seirbhísí agus acmhainní earcaíochta ar ardchaighdeán a chur ar fáil ar bhealach pras. Bímid ag iarraidh cur lenár gcreat earcaíochta agus roghnaithe agus ár gcóras soláthair seirbhíse i gcónaí chun feidhmíocht eagraíochta a fheabhsú, cur le soláthar seirbhísí maidir leis an earcaíocht ionchuimsitheach agus taithí na gcliant agus na n-iarrthóirí a chur ag croílár na hoibre a dhéanaimid.

Inár bPlean Gnó 2023, tá gealltanais maidir leis na nithe seo a leanas a dhéanamh: -

- Leanúint orainn leis an obair atá á déanamh againn chun cultúr ina bhfuil barr feabhais san earcaíocht chun tosaigh a chur i bhfeidhm, athbhreithniú a dhéanamh ar ár gcórais earcaíochta agus mheasúnaithe chun soláthar seirbhíse atá dírithe ar chustaiméirí a fhorbairt agus modhanna nua agus éifeachtachta a bhunú chun iarrthóirí ar ardchaighdeán a mhealladh agus a chur ar fáil.
- Athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar ár gcóras earcaíochta, maoinithe agus i dtaca le hacmhainní a fháil.
- Dearbhú cáilíochta a dhéanamh ar ár bpróiseas measúnaithe agus roghnaithe chun inrochtaineacht agus cuimsiú a neartú.
- Fobrairt a dhéanamh ar agus feabhas a chur ar ár gCóras Oibríochta Hibrideach agus feabhas a chur ar ár soláthar seirbhíse earcaíochta.
- Creat nua na Státseirbhíse um Chumas a sholáthar agus a chur i bhfeidhm, de réir na sprice CSR2030 i dtaca le córas a chruthú a ligfidh dúinn daoine cumasacha ó phobail éagsúla a bhfuil na scileanna agus an cumas acu atá ag teastáil chun barr feabhais a sholáthar sa lucht saothair amach anseo a earcú.
- Córas bainistíochta cáilíochta a chur i bhfeidhm do chur chuige córasach i leith na feabhsaithe leanúnaí.
- Iarracht a dhéanamh i gcónaí tuiscint a fháil ar thaithí an chustaiméara, de réir na Straitéise um Theagmháil le Custaiméirí, chun tacaíocht a thabhairt maidir lenár bpróisis agus ár seirbhísí a athdhearadh.
- Cur lenár dtuiscint ar phróifíl earcaíochta agus fostaíochta Státseirbhís agus Sheirbhís Phoiblí na hÉireann, trí obair for-rochtana, eolas a roinnt agus teagmháil le hiarrthóirí ionchasacha agus eagraíochtaí ionadaíochta.
- Modhanna iontaofa agus nuálacha margaíochta agus cumarsáide a fhorbairt chun aitheantas a bhaint amach don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí mar fhostóir agus earcaitheoir de rogha le hiarrthóirí cumasacha éagsúla, mar aon le cliaint. Leas a bhaint as eolas atá bunaithe ar fhianaise agus caidreamh a fhorbairt le páirtithe tábhachtacha i réimsí éagsúla, m.sh. tionscnamh Public Jobs do Scoileanna, straitéis bhranda agus obair for-rochtana agus teagmháil leis an margadh.
- A chinntiú go bhfuil taithí ag baill de bhoird, go bhfuil oiliúint faighte acu, go bhfuil siad solúbtha ionas gur féidir leo iarrthóirí ar ardchaighdeán a chur ar fáil laistigh dár gcóras seirbhíse earcaíochta digití.
- Cur chuige straitéiseach a fhorbairt chun dualgais Ghaeilge a chomhlíonadh i dtaca le fógraíocht agus spriocanna d'earcaigh nua a bhfuil Gaeilge acu.

Torthaí Dearfacha

TIONCHAR A IMIRT

Ár seirbhís chomhairleach earcaíochta a fhorbairt

Tá sé mar phríomhthosaíocht againn ár seirbhís chomhairleach earcaíochta a fhorbairt chun an taighde agus na tuiscintí is déanaí maidir le treochtaí agus forbairtí earcaíochta sa tSeirbhís Phoiblí a roinnt, ceannaireacht atá bunaithe ar fhianaise a chur ar fáil chun tacaíocht a thabhairt maidir le beartas a fhorbairt agus maidir le straitéis daoine.

Inár bPlean Gnó 2023, tá gealltanais maidir leis na nithe seo a leanas a dhéanamh: -

- Feidhm na SCP mar Chomhairleoir ar féidir Brath air a fhorbairt
- Bealaí chun ár dtuiscintí a roinnt a aithint
- Pacáiste de thacaíochtaí earcaíochta ionchuimsitheacha a chruthú, trí theagmháil lenár gcliaint maidir leis an bpacáiste tacaíochta sin agus aiseolas dearfach a fuarthas.
- Córas na Státseirbhíse um chumas a chur i bhfeidhm le cliaint.